# Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030



## Plean Gníomhaíochta Chéim 1 Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025–2027

Dáta: Márta 2025

Brollach ....................4

1 Réamhrá ....................5
1.1 Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 ....................5
1.2 Cur Chuige an Chórais Shábháilte i leith Sábháilteacht ar Bhóithre ....................7
1.3 Limistéir Idirghabhála Tosaíochta an Chórais Shábháilte ....................7
1.4 Táscairí Feidhmíochta Sábháilteachta ....................8

2 Próifíl Chontae Shligigh ....................9
2.1 Réamhrá ....................9
2.2 Feithiclí atá Ceadúnaithe i gContae Shligigh ....................9
2.3 Ceadúnais Tiomána i gContae Shligigh ....................9
2.4 An Gréasán Bóithre i gContae Shligigh ....................10
2.5 Bonneagar Taistil Ghníomhaigh i gContae Shligigh ....................10
2.6 Glasbhealaí i gContae Shligigh ....................10

3 Staitisticí Náisiúnta ....................11
3.1 Staitisticí Náisiúnta – Básanna ....................11
3.2 Staitisticí Náisiúnta – Gortuithe Tromchúiseacha ....................13

4 An Grúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre ....................15
4.1 Réamhrá ....................15
4.2 Comhairle Contae Shligigh ....................16
4.3 An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ....................18
4.4 An Garda Síochána – an tAonad um Póilíniú Bóithre ....................19
4.5 Bonneagar Iompair Éireann ....................21
4.6 Clár Taistil Scoileanna Glasa An Taisce ....................23
4.7 North Connaught Youth & Community Services Ltd ....................25
4.8 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ....................26

5 Aidhmeanna agus Cuspóirí na Pleanála maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre ....................28
5.1 Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 ....................28
5.2 Aidhmeanna agus Cuspóirí na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 ....................28
5.3 Plean Gníomhaíochta Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027 ....................29

6 Plean Gníomhaíochta Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027 ....................31
6.1 Réamhrá ....................31
6.2 Bearta Oideachais ....................31
6.3 Bearta Innealtóireachta ....................32
6.4 Bearta Forfheidhmithe ....................34
6.5 Bearta Meastóireachta ....................34

7 Ár bPlean a Chomhlíonadh ....................35
7.1 Tosca Ríthábhachtacha Ratha ....................35

**7.2 Iompraíochtaí Contúirteacha....36**

**7.3 Freagracht Chomhroinnte ....39**
**7.4 Samhail Rialachais....39**

**8 Faireachán agus Meastóireacht....39**

**Aguisín 1 Faisnéis Staitistiúil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ....40**

**Aguisín 2 Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027 ....40**

**Clár Fíoracha**.

Fíor 1: Treochlár i dtreo Fhís an Nialais (foinse: Fíor 1.2 - Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 .... 6
Fíor 2: Forbhreathnú ar an líon imbhuailtí marfacha ar bhóithre na hÉireann sa bhliain 2024 11
Fíor 3: Treochtaí fadtéarmacha maidir le himbhuailtí marfacha ar bhóithre na hÉireann .... 11
Fíor 4: Próifíl Úsáideoirí Bóithre le cúig bliana anuas .... 12
Fíor 5: An líon básanna in aghaidh an chontae.... 12
Fíor 6: Forbhreathnú ar na sonraí faoi thimpistí tráchta ar bhóithre ba chúis le gortú tromchúiseach sa bhliain 2024....13
Fíor 7: Treochtaí fadtéarmacha maidir le timpistí bóthair ba chúis le gortú tromchúiseach . 14
Fíor 8: An cion de thimpistí i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe agus an chatagóir úsáideoirí bóithre a bhí i gceist leo....14
Fíor 9: Tosca Ríthábhachtacha Ratha le haghaidh chur chun feidhme an phlean.... 36

**Liosta Táblaí**

Tábla 1: Sprioclaghduithe ar an líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha faoi Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 .... 5
Tábla 2: An líon agus an cineál feithiclí atá ceadúnaithe i gContae Shligigh.... 9
Tábla 3: An líon ceadúnas tiomána reatha de réir cineáil i gContae Shligigh .... 9
Tábla 4: Na cineálacha tionscadal atá ar bun faoi thaisteal gníomhach .... 10
Tábla 5: Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 – Spriocanna Eatramhacha (bonnlíne 2017-2019) .... 29
Tábla 6: An líon básanna ar Bhóithre Shligigh ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2024.... 30

**Brollach**

Tá rún daingean ag Comhairle Contae Shligigh an líon imbhuailtí ar bhóithre inár gContae a laghdú.

Tá i Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 spriocanna an-uaillmhianach maidir leis an líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann a laghdú le linn thréimhse feidhme na Straitéise agus le linn na dtrí Chéim de Phleananna Gníomhaíochta laistigh den Straitéis. Beidh gnóthú na spriocanna atá leagtha amach i Straitéis an Rialtais ag brath ar roinnt tosca ríthábhachtacha ratha, lena n-áirítear comhar agus obair dhíograiseach chomhpháirtíochta idir na príomh-gheallsealbhóirí uile a phléann le sábháilteacht bóithre.

Is é atá sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 seo agus i bPlean Gníomhaíochta Chéim 1 2025 – 2027 ná ár dtreochlár le haghaidh an líon básanna agus gortuithe ar ár mbóithre a laghdú thar an tréimhse 2025 – 2027 agus ar aghaidh go dtí an bhliain 2030, chun sprioc fhadtéarmach arb éard í Fís an Nialais (gan aon bhásanna ná gortuithe tromchúiseacha a bheith ann) a bhaint amach sa deireadh faoin mbliain 2050.

Tá na gníomhartha atá leagtha amach sa Straitéis agus sa Phlean bunaithe ar phrionsabail 'Chur Chuige an Chórais Shábháilte', lena leagtar béim ar fhreagracht chomhroinnte i measc na ndaoine a dhearann, a thógann, a bhainistíonn agus a úsáideann na bóithre agus feithiclí ar mhaithe le tionchair imbhuailte a chosc nó a laghdú, agus i measc na ndaoine sin a sholáthraíonn freagairt iar-imbhuailte chun gortuithe a mhaolú. Tríd an bplean seo a chur chun feidhme, déanfaimid ár ndícheall an líon básanna agus gortuithe ar ár mbóithre a laghdú.

Tá an Straitéis seo um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Plean ina mbeart suntasach maidir lenár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do chách. Tugtar aghaidh leo freisin ar 7 Réimse Idirghabhála Tosaíochta an Chórais Shábháilte, lena n-áirítear saincheisteanna Oideachais, Innealtóireachta, Forfheidhmithe agus Meastóireachta Beartais.

Is é ár nGrúpa ilghníomhaireachta um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre a dhéanfaidh faireachán, athbhreithniú agus cur chun feidhme ar an bPlean seo. Áirítear leis an nGrúpa ionadaithe ón nGarda Síochána, ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ó Chomhairle Contae Shligigh, ón Earnáil Oideachais, ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII), ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ón Taisce – Scoileanna Glasa agus ón Earnáil Pobail agus Óige.

Thar ceann Chomhairle Contae Shligigh, tá áthas orm Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 agus Plean Gníomhaíochta Chéim 1 Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027 a chur i láthair.

Martin Lydon, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Shligigh

# I Réamhrá

## 1.1 Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030

Ba i mí na Nollag 2021 a seoladh Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030. Tá sa Straitéis nua spriocanna an-uaillmhianach maidir leis an líon básanna agus gortuithe ar bhóithre na hÉireann a laghdú le linn thréimhse feidhme an Phlean. Is é príomhaidhm na Straitéise an líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030 mar a leanas: -

*Tábla 1: Sprioclaghduithe ar an líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha faoi Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030.*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Meánlíon Reatha Básanna ar Bhóithre in aghaidh na bliana | 144 | Sprioclaghdú | 72 nó níos ísle |
| Meánlíon Reatha Gortuithe Tromchúiseacha in aghaidh na bliana | 1,259 | Sprioclaghdú | 630 nó níos ísle |

Tá trí chéim ar leith i gceist le Straitéis deich mbliana an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030:

- Plean Gníomhaíochta Chéim 1 2021 – 2024
- Plean Gníomhaíochta Chéim 2 2025 – 2027
- Plean Gníomhaíochta Chéim 3 2028 – 2030

Úsáideadh an tréimhse 2017-2019 mar bhonnlíne chun na spriocanna atá i Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre (GRSS) a shocrú. Seo a leanas na spriocanna atá sa straitéis náisiúnta:

Laghdú 15% ar an líon básanna faoin mbliain **2024 (Deireadh Céim I)**

Laghdú 10% ar an líon gortuithe tromchúiseacha faoin mbliain **2024 (Deireadh Céim I)**

Laghdú 50% ar an líon básanna faoin mbliain **2030**

Laghdú 50% ar an líon gortuithe tromchúiseacha faoin mbliain **2030**

Is í an sprioc fhadtéarmach ná Fís an Nialais a bhaint amach, i.e., gan aon bhásanna ná gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a bheith ann faoin mbliain 2050. Is é is Fís an Nialais ann ná sprioc fhadtéarmach a bhfuil mar aidhm léi deireadh a chur le básanna agus gortuithe tromchúiseacha tráchta ar bhóithre faoin mbliain 2050. Is le cur chuige an Chórais Shábháilte a bhainfear Fís an Nialais amach. Is é Fís an Nialais an dea-chleachtas idirnáisiúnta é, agus ghlac an Coimisiún Eorpach é ina Straitéis féin maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.




*Fíor 1: Treochlár i dtreo Fhís an Nialais (foinse: Fíor 1.2 - Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030*

## 1.2 Cur Chuige an Chórais Shábháilte i leith Sábháilteacht ar Bhóithre

Forbraíodh Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 ar aon dul le cur chuige an Chórais Shábháilte i leith Bainistíocht Sábháilteachta ar Bhóithre. Aithníodh cur chuige an Chórais Shábháilte mar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus mar rud a bhfuil ríthábhacht ag baint leis maidir leis an líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú go mór. Tá Cur Chuige an Chórais Shábháilte bunaithe ar 4 phrionsabal: -

- Déanann daoine botúin nuair a úsáideann siad na bóithre, ónar féidir imbhuailtí teacht
- Tá cumas teoranta i gcorp an duine chun tuairteanna ó imbhuailtí a fhulaingt
- Tá freagracht chomhroinnte idir na daoine a dhearann, a thógann, a bhainistíonn agus a úsáideann ár mbóithre agus ár bhfeithiclí chun tionchair imbhuailte a chosc nó a laghdú agus iad siúd a sholáthraíonn freagairt iar-imbhuailte chun díobháil a mhaolú
- Is gá gach cuid den chóras tráchta a neartú chun a n-éifeacht a iolrú agus chun a chinntiú go gcosnaítear úsáideoirí bóithre má theipeann ar chuid amháin den chóras.

## 1.3 Limistéir Idirghabhála Tosaíochta an Chórais Shábháilte

Áirítear i Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 agus sna 3 Chéim de Phleananna Gníomhaíochta gníomhartha faoi 7 Limistéar Idirghabhála Tosaíochta an Chórais Shábháilte mar a leanas:

**1.** <u>Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte</u>

Cáilíocht chosantach ár mbóithre agus ár mbonneagair a fheabhsú - Is éard atá i gceist le bóithre agus taobhanna bóthair sábháilte pleanáil, dearadh agus oibriú bóithre agus taobhanna bóthair agus soláthraíonn sé an creat le haghaidh úsáid shábháilte bóithre agus feithiclí.

**2.** <u>Luasanna Sábháilte</u>

Luasanna a laghdú go leibhéil shábháilte chuí do na bóithre a bhíonn á n-úsáid, agus do na húsáideoirí bóithre a úsáideann iad - Is gné lárnach de chur chuige an Chórais Shábháilte iad luasanna sábháilte. Is éard atá i gceist leis pleanáil agus dearadh bóithre agus feithiclí a mheas, luasteorainneacha a shocrú chun gortuithe a íoslaghdú, chomh maith le hoideachas agus feasacht phoiblí, agus na luasteorainneacha sin a fhorfheidhmiú.

**3.** <u>Feithiclí Sábháilte</u>

Gnéithe sábháilteachta agus ródacmhainneacht feithiclí ar ár mbóithre a fheabhsú. Téann gné na bhfeithiclí sábháilte de chur chuige na gCóras Sábháilte i ngleic le sábháilteacht úsáideoirí

bóithre laistigh agus lasmuigh den fheithicil trí chaighdeáin reachtacha, faisnéis do thomhaltóirí, soláthar poiblí agus tionscnaimh tionscail.

**4.** Úsáid Shábháilte Bóithre

Caighdeáin agus iompraíochtaí úsáideoirí bóithre a fheabhsú i gcomhréir leis an reachtaíocht tráchta, le tacaíocht ó fhorfheidhmiú. Cuimsíonn úsáid shábháilte bhóithre raon leathan iompraíochtaí sábháilteachta amhail comhlíonadh na luasteorann postáilte, tiomáint gan lagú (mar gheall ar alcól, drugaí, tuirse nó seachrán), caitheamh clogad, caitheamh crios sábhála agus úsáid cheart srianta leanaí.

**5.** Freagairt Iarthimpiste

Cóireáil agus athshlánú na dtaismeach imbhuailtí a fheabhsú. Baineann freagairt iarthimpiste le tarrtháil, cóireáil agus athshlánú marthanóirí imbhuailtí tráchta ar bhóithre agus tá sé mar aidhm léi déine agus iarmhairtí gortuithe a laghdú i gcás imbhuailte.

**6.** Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla

Úsáideoirí bóithre atá ag gabháil don iompar poiblí nó don iompar gníomhach a chur chun cinn agus a chosaint. Admhaíonn modhanna taistil sábháilte agus sláintiúla go bhfuil difríocht shuntasach ann i rioscaí gortuithe marfacha agus tromchúiseacha ar feadh modhanna éagsúla taistil. Baineann sé le cur chun cinn na modhanna níos sábháilte (e.g., iompar poiblí), agus cur chun cinn agus soláthar timpeallachtaí sábháilte bóithre do mhodhanna gníomhacha atá sláintiúil ar shlí eile. Áirítear leis sin siúl agus rothaíocht, áit a bhfuil na rioscaí i gcás imbhualadh níos mó ná mar atá siad d'úsáideoirí bóithre faoi chosaint feithicle.

**7.** Úsáid Shábháilte Bóithre a Bhaineann leis an Obair

Bainistíocht sábháilteachta ar thurais a bhaineann leis an obair a fheabhsú. Is éard atá i gceist le húsáid shábháilte bóthair a bhaineann leis an obair ná bainistíocht sábháilteachta phleanáilte chórasach ar thurais oibre ar na bóithre, agus é mar aidhm léi an baol báis agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú.

Le cur chuige an Chórais Shábháilte thuas, leagtar béim ar an ngá atá le díriú ar na heilimintí uile den chóras sábháilteachta ar bhóithre chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre do chách. Trí obair i gcomhar le chéile, déanfaimid ár mbóithre níos sábháilte do chách.

## 1.4 Táscairí Feidhmíochta Sábháilteachta

Tá 15 phríomh-Tháscaire Feidhmíochta Sábháilteachta ar áireamh i Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030. I measc na samplaí de sin tá céatadán na

bhfeithiclí atá ag taisteal laistigh den luasteorainn agus céatadán na n-áititheoirí mótarfheithicle a chaitheann crios sábhála.

## 2 Próifíl Chontae Shligigh

### 2.1 Réamhrá

Tá Contae Shligigh suite i gCúige Connacht in iarthuaisceart na hÉireann. Cumhdaíonn sé dromchla iomlán talún is ionann gus thart ar 1,837.11 ciliméadar cearnach. Tá sé ag roinnt teorainn le Contae Liatroma, le Contae Ros Comáin agus le Contae Mhaigh Eo, agus tá an chuid thiar den chontae comhdhéanta de thart ar 200 km d'imeallbhord Atlantach.

Is é Baile Shligigh an príomhlimistéar uirbeach. Féachtar air mar lárionad a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leis, ag fónamh dó mar dhíriú riaracháin, tráchtála, seirbhíse, sláinte agus oideachais do chúlchríoch mhór. Tá ról tionsclaíoch suntasach aige, agus feidhmíonn sé mar lárionad dáileacháin san Iarthuaisceart freisin. Tacaíonn seirbhísí a sholáthraítear i mbailte beaga amhail Baile an Mhóta, Tobar an Choire agus Inis Crabhann le limistéir thuaithe an Chontae.

Cónaíonn 70,198 nduine i Sligeach (daonáireamh 2022 – méadú 7% ó bhí an bhliain 2016 ann), agus thart ar 20,000 díobh ina gcónaí i mBaile Shligigh.

### 2.2 Feithiclí atá Ceadúnaithe i gContae Shligigh.

Leagtar amach i dTábla 2 thíos an líon feithiclí agus an cineál feithiclí atá ceadúnaithe i gContae Shligigh

| Údarás Ceadúnúcháin | Carranna príobháideacha | Gluaisrothair | Feithiclí Earraí | Tarracóirí | Feithiclí Seirbhíse Poiblí | Feithiclí Díolmhaithe | Aicmí Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sligeach | 33,351 | 574 | 6,726 | 1,422 | 364 | 519 | 1,941 | 44,897 |

*Tábla 2: An líon feithiclí agus an cineál feithiclí atá ceadúnaithe i gContae Shligigh*

### 2.3 Ceadúnais Tiomána i gContae Shligigh

Léirítear i dTábla 3 thíos an líon ceadúnas tiomána reatha de réir cineáil i gContae Shligigh

| Údarás Ceadúnúcháin | Ceadúnais Foghlaimeora | Ceadúnais Bhliantúla | Ceadúnais Thríbhliantúla | Ceadúnas 10 mBliana | An Líon Iomlán Ceadúnas Tiomána |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sligeach** | **4,337** | **304** | **5,283** | **41,122** | **51,046** |

*Tábla 3: An líon ceadúnas tiomána reatha de réir cineáil i gContae Shligigh*

## 2.4 An Gréasán Bóithre i gContae Shligigh

Is é atá sa Ghréasán Bóithre sa Chontae ná Bóithre Áitiúla, Bóithre Réigiúnacha, Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád. Déanann Comhairle Contae Shligigh gréasán bóithre atá thart ar 2,903 km ar fad a chothabháil, ar gréasán é atá miondealaithe mar a leanas:

| ***Gréasán Bóithre*** | ***KM*** |
|---|---|
| Príomhbhóithre Náisiúnta | 105 km |
| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád | 47 km |
| Bóithre Réigiúnacha | 240 km |
| Bóithre Áitiúla | 2,504 km |
| Iomlán | 2,896 km |

## 2.5 Bonneagar Taistil Ghníomhaigh i gContae Shligigh

Cuireadh 24 Thionscadal Taistil Ghníomhaigh san iomlán i gcrích idir na blianta 2020 agus 2024. Leagtar amach i dTábla 4 thíos na cineálacha tionscadal atá ar bun faoi bhrat an taistil ghníomhaigh

| **Cur Síos ar an Tionscadal** | **Méid** |
|---|---|
| **Cosáin nua** | 3500 m |
| **Trasrianta Coisithe** | 14 |
| **Cosáin chuig Scoileanna** | 1200 m |
| **Uasghrádú ar chosáin atá ann cheana** | 1450 m |
| **Saoráidí comhroinnte** | 500 |
| **Moilliú tráchta agus acomhail barr tábla** | 8 |

*Tábla 4: Na cineálacha tionscadal atá ar bun faoi thaisteal gníomhach*

## 2.6 Glasbhealaí i gContae Shligigh

Tá na Glasbhealaí seo a leanas le forbairt:-


- Glasbhealach Shligigh – thart ar 33 km
- Glasbhealach Iarnród Shligigh, Liatroma agus Chontaetha an Tuaiscirt – thart ar 17 km

## 3 Staitisticí Náisiúnta

Fuarthas staitisticí maidir le Básanna agus maidir le Gortuithe Tromchúiseacha araon ar Bhóithre na hÉireann ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus na sonraí tosaigh tiomsaithe ag an nGarda Síochána. Achoimrítear na sonraí atá ar fáil sna míreanna agus sna fíoracha atá sa rannán seo. Féach Aguisín 1: Faisnéis Staitistiúil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun tuilleadh mionsonraí a fháil.


### 3.1 Staitisticí Náisiúnta – Básanna

Tugtar i bhFíor 2 thíos forbhreathnú ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir leis an líon imbhuailtí marfacha ar bhóithre na hÉireann sa bhliain 2024





*Fíor 2: Forbhreathnú ar an líon imbhuailtí marfacha ar bhóithre na hÉireann sa bhliain 2024*

Leagtar amach i bhFíor 3 thíos na treochtaí fadtéarmacha maidir le himbhuailtí marfacha ar bhóithre na hÉireann





*Fíor 3: Treochtaí fadtéarmacha maidir le himbhuailtí marfacha ar bhóithre na hÉireann*

Leagtar amach i bhFíor 4 thíos an phróifíl úsáideoirí bóithre le cúig bliana anuas




*Fíor 4: Próifíl Úsáideoirí Bóithre le cúig bliana anuas*

Léirítear i bhFíor 5 thíos an líon básanna in aghaidh an chontae.




| County | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Dublin | 19 | 19 | 20 | 12 | 15 |
| Cork | 14 | 20 | 8 | 13 | 14 |
| Mayo | 3 | 5 | 5 | 5 | 11 |
| Donegal | 8 | 10 | 7 | 8 | 10 |

*Fíor 5: An líon básanna in aghaidh an chontae.*

## 3.2 Staitisticí Náisiúnta – Gortuithe Tromchúiseacha

I gcoibhneas le gach bás ar bhóithre, gortaítear breis agus ochtar go tromchúiseach. Is é is gortú tromchúiseach ann ná gortú ar ina leith a choinnítear an duine san ospidéal mar othar cónaitheach nó aon cheann de na gortuithe seo a leanas, cibé acu a choinnítear nó nach gcoinnítear an duine san ospidéal ina leith: -

- Bristeacha
- Comhtholgadh
- Gortuithe Inmheánacha
- Brú
- Gearrthacha agus stolltaí tromchúiseacha
- Agus/nó turraing ghinearálta thromchúiseach ar ina leith a theastaíonn cóireáil liachta

Tugtar i bhFíor 6 thíos forbhreathnú ar na sonraí faoi thimpistí tráchta ar bhóithre ba chúis le gortú tromchúiseach sa bhliain 2024.

VISION ZERO RSA


**Provisional data on serious injuries 2024**

**Key Points**

- Preliminary figures for 2024 should not be interpreted as a reduction versus 2023, as the figure may rise as more data becomes available.
- Much higher numbers of people are seriously injured on our roads, relative to fatalities (ratio 8:1), and cyclists feature more strongly (7% vs 14%).
- Even greater numbers evident upon review of HIPE hospitalised casualties, again especially for cyclists. Complementary reporting on AGS and hospital data will continue, per EC advice, and this will provide best evidence to inform interventions.
- Those aged 75+ and those aged 16-25 represent higher proportions of fatalities compared to serious injuries (14% vs 7% and 28% vs 19% respectively ).
- More than half (54%) of serious injuries occurred 12pm - 8pm, (42% of fatalities).Higher proportions of fatalities between 8pm and 4am compared to serious injuries (35% vs 22%). Higher proportions of fatalities occurred on a Sunday (21%) compared to serious injuries (13%).


*Fíor 6: Forbhreathnú ar na sonraí faoi thimpistí tráchta ar bhóithre ba chúis le gortú tromchúiseach sa bhliain 2024.*

Léirítear i bhFíor 7 na treochtaí fadtéarmacha maidir le timpistí bóthair ba chúis le gortú tromchúiseach. Is dúshlán mór é an líon Gortuithe Tromchúiseacha a laghdú. Ó bhí an bhliain 2014 ann, tá méadú seasta tagtha ar an líon daoine a gortaíodh go dona in imbhuailtí tráchta ar bhóithre in Éirinn gach bliain, seachas an bhliain 2020




*Fíor 7: Treochtaí fadtéarmacha maidir le timpistí bóthair ba chúis le gortú tromchúiseach*

Léirítear i bhFíor 8 thíos an meascán de thimpistí i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe agus an chatagóir úsáideoirí bóithre a bhí i gceist leo.




*Fíor 8: An cion de thimpistí i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe agus an chatagóir úsáideoirí bóithre a bhí i gceist leo*

# 4 An Grúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre

## 4.1 Réamhrá

Tríd an nGrúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre, oibríonn roinnt príomh-Gheallsealbhóirí le chéile chun Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn agus a fheabhsú. Ní bhainfear aidhmeanna agus cuspóirí na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre amach ach amháin trí chomhar na nGeallsealbhóirí uile a phléann le sábháilteacht ar bhóithre agus trí fhreagracht chomhroinnte na n-úsáideoirí bóithre uile. Tá an Grúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre comhdhéanta de na Geallsealbhóirí seo a leanas: -

- Comhairle Contae Shligigh – Áirítear iad seo a leanas lena hionadaithe: -
  - Innealtóir Sinsearach, Bóithre agus Bonneagar
  - Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, Dearadh Bóithre
  - Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, Taisteal Gníomhach
  - Oifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre, Comhairle Contae Shligigh
  - Príomhoifigeach Dóiteáin, Comhairle Contae Shligigh
  - Bainisteoirí Ceantair Bhardasaigh
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre -
  - Oifigeach Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre, ÚSB
  - Oifigeach Sinsearach um Chur Chun Cinn Sábháilteachta ar Bhóithre, ÚSB
- An Garda Síochána – an tAonad um Póilíniú Bóithre
- Bonneagar Iompair Éireann (TII)
- Innealtóir Sábháilteachta ar Bhóithre do Chontae Shligigh
- An Taisce, Scoileanna Glasa
- Seirbhísí Óige Thuaisceart Chonnacht Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS)

Is ar na nithe seo a leanas a dhíreoidh an Grúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre sna blianta atá le teacht: -

- Formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Phleananna Gníomhaíochta Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Tosaíochtaí sábháilteachta ar bhóithre a phlé agus dea-chleachtas a chur chun cinn agus a

spreagadh i measc gach úsáideora bóithre

- Tionscnaimh shábháilteachta ar bhóithre a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Beartas sábháilteachta ar bhóithre agus oideachas sábháilteachta ar bhóithre agus freagracht chomhroinnte ina leith a chur chun cinn i measc gach úsáideora bóithre
- Naisc agus comhar a chothú le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile a bhfuil ról le himirt acu maidir le sábháilteacht ar bhóithre

- Athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus sa Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhaint amach.

## 4.2 Comhairle Contae Shligigh

Tá freagracht ar Chomhairle Contae Shligigh as na bóithre poiblí, na cosáin phoiblí, na droichid phoiblí agus an bonneagar rothaíochta poiblí ar fad sa Chontae a thógáil agus a chothabháil. Tá Sábháilteacht ar Bhóithre ar cheann de na tosca is tábhachtaí maidir leis na bóithre poiblí, na cosáin phoiblí, na droichid phoiblí agus an bonneagar rothaíochta poiblí ar fad sa Chontae a phleanáil, a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil. Pléann cuid mhór Rannóg de chuid Chomhairle Contae Shligigh le Sábháilteacht ar Bhóithre agus tá freagracht orthu ina leith: -

An Rannóg um Bóithre agus Bonneagar:

Tá an Rannóg um Bóithre agus Bonneagar freagrach go díreach as na bóithre poiblí, na droichid phoiblí, na cosáin phoiblí agus an bonneagar rothaíochta poiblí ar fad sa Chontae a thógáil agus a chothabháil. Áirítear leis sin: -

- Bóithre poiblí, cosáin phoiblí, droichid phoiblí agus bonneagar rothaíochta poiblí a phleanáil, a dhearadh, a thógáil, a fheabhsú agus a chothabháil
- Bainistíocht tráchta, moilliú tráchta agus páirceáil phoiblí
- Soilsiú poiblí a shuiteáil agus a chothabháil
- Trasrianta coisithe agus bonneagar eile moillithe tráchta a shuiteáil, a uasghrádú agus a chothabháil
- Oibreacha sábháilteachta ar bhóithre poiblí náisiúnta agus ar bhóithre poiblí nach bóithre náisiúnta araon
- Luasteorainneacha a athbhreithniú agus a chur chun feidhme
- Comharthaíocht ar bhóithre poiblí
- Cothabháil geimhridh

- Ceadúnú ar ualaí neamhghnácha

An Rannóg Taistil Ghníomhaigh

- Tá an Rannóg Taistil Ghníomhaigh freagrach as an mBonneagar Taistil Ghníomhaigh ar fad sa Chontae a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil –
- Cosáin agus bonneagar rothaíochta den chuid is mó
- Soilsiú poiblí ar bhonneagar taistil ghníomhaigh
- Freagrach as an gclár "Bealaí Sábháilte chun na Scoile" a chur chun feidhme
- Stadanna bus a sholáthar

An tSeirbhís Dóiteáin

- Freagraíonn an tSeirbhís Dóiteáin d'imbhuailtí ar bhóithre agus d'imeachtaí/teagmhais eile ar bhóithre
- Freagraíonn an Rannóg Seirbhíse Dóiteáin do ghlaonna amach éigeandála, agus cabhraíonn sí le himeachtaí a phleanáil agus a bhainistiú, etc.

Mótarchánachas ar Fheithiclí

- Cánachas ar fheithiclí lena n-úsáid ar bhóithre poiblí

An Rannóg Pleanála

- Déanann an Rannóg Pleanála athbhreithniú agus cinneadh ar gach iarratas pleanála, agus aird á tabhairt ar an tionchar a bheidh ag iarratais phleanála ar shábháilteacht ar bhóithre

An Oifig um Thionscadail Chaipitil

- Scéimeanna ríochta poiblí a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil inár bpríomhbhailte
- Bainistíocht tráchta, moilliú tráchta agus páirceáil phoiblí mar chuid d'aon scéimeanna ríochta poiblí

- Soilsiú poiblí mar chuid d'aon scéimeanna ríochta poiblí An Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre
    - Tá an Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre ina cuid den Rannóg Bóithre agus Bonneagair i gComhairle Contae Shligigh
    - Freagrach as sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn ar bhonn leanúnach

- Oideachas um shábháilteacht ar bhóithre a chomhordú i gcomhar le ÚSB agus leis an nGarda Síochána
- Imeachtaí a eagrú chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus chun oideachas sábháilteachta ar bhóithre a chur ar an bpobal, agus béim ar leith á leagan ar chur chun cinn sábháilteachta ar bhóithre agus ar oideachas sábháilteachta ar bhóithre i measc daoine óga
- Obair i gcomhar le ÚSB agus leis an nGarda Síochána chun sábháilteacht ar bhóithre agus oideachas sábháilteachta ar bhóithre a chur chun cinn
- Freagrach as an straitéis um shábháilteacht ar bhóithre agus an plean gníomhaíochta um shábháilteacht ar bhóithre a chomhordú
- Freagrach as an nGrúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre a eagrú

## 4.3 An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB)

Is é misean an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB) bóithre na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte do chách. Is é atá i gceist leis sin obair ar gach bealach is féidir chun beatha daoine a shábháil agus gortuithe a chosc trí chabhrú leis an líon imbhuailtí ar bhóithre na hÉireann, agus tromchúis na n-imbhuailtí sin, a laghdú. Aithnítear ÚSB mar ghuth ceannródaíoch maidir le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn agus mar ghuth ceannródaíoch ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá an t-aitheantas sin bunaithe ar theist láidir maidir le hathrú dearfach a spreagadh i ndearcthaí agus iompraíochtaí gach úsáideora bóithre agus maidir le comhoibriú éifeachtach a dhéanamh le cuid mhór geallsealbhóirí chun beathaí a shábháil an tráth céanna.

Príomhfheidhmeanna:

Tá roinnt príomhfheidhmeanna i gceist leis an misean atá ag ÚSB bóithre na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte do chách:

- Cur chun cinn sábháilteachta ar bhóithre, oideachas sábháilteachta ar bhóithre agus feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre.
- Taighde ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar imbhuailtí ar bhóithre.

- Príomhfhreagracht, mar an phríomhghníomhaireacht, as Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 a rialú agus a chur chun feidhme.
- Tástáil tiománaithe agus ceadúnú tiománaithe.
- An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna agus Tástáil Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála a rialú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.
- Forfheidhmiú a dhéanamh ar raon rialachán a bhaineann leis an tionscal tarlaithe bóthair agus le tiománaithe.
- An tionscal teagaisc tiomána a rialáil.
- Caighdeáin feithiclí a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh orthu.
- Comhairle a chur ar an Roinn Iompair agus ar an Aire Iompair maidir le gach gné den bheartas poiblí um shábháilteacht ar bhóithre.
- Obair le geallsealbhóirí chun freagairt chomhordaithe a chinntiú agus chun a chinntiú go n-úsáidfear ár n-acmhainní comhchoiteanna go ciallmhar agus go héifeachtúil.

An Garda Síochána
Ireland's National Police and Security Service

## 4.4 An Garda Síochána – an tAonad um Póilíniú Bóithre

Is é príomhchuspóir Bhiúró an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre ná muinín an phobail as sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a mhéadú ar na bealaí seo a leanas:

- An líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú
- Feabhas a chur ar iompraíocht tiománaithe agus ar dhearcthaí tiománaithe trí fheachtais oideachais agus feasachta, agus
- Gan cead a thabhairt do choirpigh úsáid a bhaint as gréasán bóithre na hÉireann.

Tá an Garda Síochána tiomanta do thacú le Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 tríd an líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann a laghdú faoi 50% thar na deich mbliana sin agus ina ndiaidh. Gné ríthábhachtach d'obair Bhiúró an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre is ea treochtaí breathnaithe a anailísiú chun oibríochtaí Póilínithe Bóithre a shainaithint agus a chur chun feidhme. Dírítear sna hoibríochtaí sin orthu seo a leanas:

- Cionta tarrthála beatha: Tiomáint ar róluas, criosanna sábhála, fóin phóca agus tiomáint faoi thionchar an óil, agus
- Coireanna a bhrath agus a chosc, agus gan cead a thabhairt do choirpigh úsáid a bhaint as bóithre na hÉireann.

I ngach rannán den Gharda Síochána, tá Aonaid thiomnaithe um Póilíniú Bóithre a bhfuil freagracht orthu as an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre a fhorfheidhmiú. Tacaíonn gach comhalta den Gharda Síochána leis na hAonaid um Póilíniú Bóithre sin, agus tá freagracht ar na comhaltaí sin freisin as an reachtaíocht ar fad um thrácht ar bhóithre a fhorfheidhmiú.

An tAonad um Shábháilteacht ar Bhóithre

Is é aidhm fhoriomlán an Aonaid um Shábháilteacht ar Bhóithre ná an líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú agus sábháilteacht ar bhóithre go ginearálta a fheabhsú. Bunaíodh an t-aonad sa bhliain 2001 agus tá sé lonnaithe i mBiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre. Oibríonn an t-aonad le grúpaí agus eagraíochtaí sa phobal chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i measc gach úsáideora bóithre:

- Scoileanna agus coláistí
- Clubanna óige
- Seanóirí
- Eagraíochtaí áitiúla
- Grúpaí tionscail

Glacann an Garda Síochána agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre go hiomlán le sprioc Fhís an Nialais, rud a bhfuil sé i gceist leis a chinntiú nach mbeadh aon bhásanna ná aon ghortuithe tromchúiseacha ar bhóithre ann faoin mbliain 2050.

'Tionscadal Lifesaver' an Gharda Síochána.

Cuireadh seoladh náisiúnta an tionscadail ar siúl an 18 Deireadh Fómhair 2023. Is é is an Tionscadal Lifesaver ann ná clár oideachais sábháilteachta ar bhóithre a soláthraíonn comhaltaí an Gharda Síochána é. Is é atá i gceist leis ná láithreoireacht ionraic réalaíoch ar shábháilteacht ar bhóithre ina dtarraingítear aird ar na héifeachtaí tubaisteacha a bhíonn ag imbhuailtí tráchta ar bhóithre ar bheatha daoine. Is clár dhá uair an chloig é lena mbaineann caidreamh idirghníomhach leis an lucht féachana agus a bhfuil físeáin agus eispéiris phearsanta íospartach imbhuailtí tráchta ar bhóithre agus/nó eispéiris phearsanta a mball teaghlaigh mar thaca leis. Leis an gclár, cuirtear in iúl teachtaireacht láidir maidir le sábháilteacht ar bhóithre lena gcabhraítear le dul i ngleic leis an méadú atá tagtha ar an líon imbhuailtí is cúis le básanna agus le gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre. Tá an tionscadal á chur i bhfeidhm ar fud na tíre, agus Gardaí ó gach cearn den tír oilte cheana féin sa láithreoireacht a thabhairt. Tá sé ag soláthar an Tionscadail Tarrthála Beatha do dhaltaí

Idirbhliana i Meánscoileanna i gCeantar Shligigh do na blianta acadúla 2023, 2024 agus 2025 go dtí an lá atá inniu ann.

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

### 4.5 Bonneagar Iompair Éireann

Bunaíodh Bonneagar Iompair Éireann (TII) tríd an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid a chumasc faoi Acht na mBóithre, 2015, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2015. Is é príomhfheidhm TII ná cur chuige comhtháite a sholáthar i leith fhorbairt agus oibriú an ghréasáin bóithre náisiúnta agus an bhonneagair iarnróid éadroim ar fud Phoblacht na hÉireann amach anseo. Tá TII freagrach as Treoir (CE) 2008/96/CE maidir le Sábháilteacht an Bhonneagair Bóithre a Bhainistiú. Áirítear leis sin: Rangú Sábháilteachta Gréasáin: GE-STY-01022 (HD 15); Cigireachtaí ar Bhearta Sealadacha Sábháilteachta: CC-STY-04002 (HD 16); Cigireachtaí Sábháilteachta ar Bhóithre: CC-STY-04002 (HD 17); Measúnú Tionchair ar Shábháilteacht ar Bhóithre: PE-PMG-02001 (HD 18).

I Sligeach, tá an gréasán príomhbhóithre náisiúnta 105 km ar fhad agus tá an gréasán bóithre náisiúnta den dara grád 47 km ar fhad. Tá an gréasán príomhbhóithre náisiúnta i gContae Shligigh, atá 105 km ar fad, comhdhéanta de na ceithre bhealach seo a leanas:

- An N4 – Síneann an N4 i gContae Shligigh ón teorainn contae le Contae Ros Comáin i ndeisceart Shligigh (Baile Fearainn na Leathcheathrún) go Baile Shligigh ag an acomhal idir an N4/an N15 agus an N16. Is é 35 km fad iomlán an N4 i gContae Shligigh.
- An N17 – Síneann an N17 i gContae Shligigh ón teorainn contae le Contae Mhaigh Eo in iardheisceart Shligigh (Baile Fearainn Bhéal Lathaí) go dtí an t-acomhal le príomhbhealach náisiúnta an N4 i dTobar Bríde, Cúil Mhuine. Is é 34 km fad iomlán an N17 i gContae Shligigh.
- An N15 – Síneann an N15 i gContae Shligigh ón teorainn contae le Contae Liatroma i dtuaisceart Shligigh (Baile Fearainn na Greallaí) go Baile Shligigh ag an acomhal idir an N4/an N15 agus an N16. Is é 27 km fad iomlán an N15 i gContae Shligigh.
- An N16 – Síneann an N16 i gContae Shligigh ón teorainn contae le Contae Liatroma in oirthuaisceart Shligigh (Baile Fearainn Ghort na Greallaí) go Baile Shligigh ag an acomhal idir an N4/an N15 agus an N16. Is é 9 km fad iomlán an N16 i gContae Shligigh.

Tá an gréasán bóithre náisiúnta den dara grád i gContae Shligigh, atá 47 km ar fad, comhdhéanta den bhealach amháin seo a leanas:

- An N59 – Síneann an N59 i gContae Shligigh ón teorainn contae le Contae Mhaigh Eo in iarthar Shligigh (Baile Fearainn an Cháráin) go Baile Fearainn Cheathrú Ghobadach, Baile Easa Dara, áit a dtrasnaíonn sé ag acomhal le príomhbhealach náisiúnta an N4. Is é 47 km fad iomlán an N59 i gContae Shligigh. Déanann TII liosta de na Suíomhanna Ard-Imbhuailtí (HD15) feadh na mbealaí náisiúnta a ullmhú bunaithe ar shonraí a bhailítear ó chóras PULSE an Gharda Síochána, ar shonraí ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB) agus ar shonraí ón Roinn Iompair. Déanann Comhairle Contae Shligigh athbhreithniú ar na suíomhanna a shainaithnítear i gContae Shligigh (Suíomhanna Ard-Imbhuailtí) agus sainaithníonn sí suíomhanna a bhfuil údar le cóireáil acu. Ullmhaíonn Comhairle Contae Shligigh tuarascáil indéantachta ansin lena cur faoi bhráid TII le haghaidh cistiú do scéimeanna sonracha sábháilteachta ar bhóithre náisiúnta.

Déanann TII Cigireachtaí Sábháilteachta ar Bhóithre (HD17) ar an ngréasán freisin, agus cuirtear saincheisteanna/guaiseacha a shainaithnítear sna cigireachtaí sin ar aghaidh chuig Comhairle Contae Shligigh chun feabhsuithe oiriúnacha bóithre a fhorbairt agus chun cistiú a lorg ó TII, más gá.

Tá TII tiomanta do chomhar idirghníomhaireachta agus leanfaidh sé le cabhair a thabhairt do na geallsealbhóirí uile agus iad ag iarraidh minicíocht agus déine na n-imbhuailtí ar gach bóthar a laghdú.

Tá ag TII Innealtóir Sábháilteachta ar Bhóithre Réigiúnacha agus Innealtóir Cigireachta Sábháilteachta ar Bhóithre atá lonnaithe sa réigiún agus a dhéanann caidreamh le Comhairle Contae Shligigh maidir le saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ar bhóithre náisiúnta i gContae Shligigh.

Tá freagracht ar Oifig Deartha Réigiúnach Shligigh as na cineálacha tionscadal seo a leanas a sholáthar thar ceann Chomhairle Contae Shligigh. Cistíonn Bonneagar Iompair Éireann (TII) na scéimeanna uile:

- AN tSÓCMHAINN PÁBHÁLA A DHEISIÚ AGUS A ATHNUACHAN: An tsócmhainn bóthair atá ann cheana a chothabháil ar bhonn tréimhsiúil. Baintear é sin amach trí oibreacha forleagtha agus inleagtha agus trí imill a neartú ar an bpábháil bóthair atá ann cheana. Sainaithníonn Foireann Cothabhála Gréasáin TII na scéimeanna tríd an gCóras Bainistíochta Sócmhainní Pábhála agus ansin soláthraíonn Comhairle Contae Shligigh iad.

- SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE NÁISIÚNTA: Is idirghabhálacha ísealchostais ar an ngréasán bóithre náisiúnta iad sin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sainaitheanta sábháilteachta ar bhóithre. Cinntear suíomh na Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre trí anailís a dhéanamh ar stair imbhuailtí agus trí chigireachtaí sábháilteachta ar bhóithre a dhéanamh. Déanann Innealtóirí Sábháilteachta ar Bhóithre atá fostaithe ag TII an anailís sin.
- SCÉIMEANNA BÓITHRE NÁISIÚNTA: Scéimeanna chun sábháilteacht agus éifeachtúlacht an ghréasáin bóithre náisiúnta a fheabhsú chun é a dhéanamh oiriúnach don fheidhm le haghaidh taisteal lastais, gnó agus sóisialta. Áirítear leis sin feabhsuithe ar líne, athailínithe beaga, agus mórthionscadail bóithre nua.

Rannchuidíonn na cineálacha tionscadail thuas le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre ar an ngréasán bóithre náisiúnta i gContae Shligigh.

## 4.6 Clár Taistil Scoileanna Glasa An Taisce

Tá Clár Taistil na Scoileanna Glasa i bhfeidhm ó bhí an bhliain 2008 ann. Oibríonn Clár Taistil na Scoileanna Glasa i gcomhpháirt le hÚdaráis Áitiúla. Is í an Roinn Iompair a chistíonn an Clár agus riartar é tríd an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá aidhmeanna an Chláir mar a leanas:

- An líon daltaí agus múinteoirí a thaistealaíonn go gníomhach chun na scoile (de shiúl na gcos, de rothar agus de scútar) a mhéadú.
- Turais inbhuanaithe eile a chur chun cinn (páirceáil agus siúl, comhroinnt carranna
- agus iompar poiblí). Bonneagar taistil ghníomhaigh a fheabhsú.
- Criosanna luasteorann scoile 30 ciliméadar san uair a mholadh.

Is cuid dhílis dár gcuid oibre iad iniúchtaí insiúltachta agus inrothaitheachta. Cuirtear na fionnachtana uathu sin faoi bhráid na gComhairlí Áitiúla, rud a bhfuil feabhas tagtha ar an mbonneagar timpeall scoileanna mar thoradh air. Tugann an Clár cistiú do Rothaíocht i gCeart, an clár náisiúnta oiliúna rothaíochta i mbunscoileanna. Tá an Clár á thriail faoi láthair i meánscoileanna freisin. Soláthraíonn Clár Taistil na Scoileanna Glasa páirceáil lánchistithe rothar agus scútar i scoileanna chun tacú tuilleadh le taisteal gníomhach. Tá Oifigeach Taistil tiomnaithe ag na scoileanna atá ag glacadh páirt i gClár Taistil na Scoileanna Glasa chun tacaíocht, spreagadh agus eolas a thabhairt don phobal scoile agus don phobal i gcoitinne.

Tá sé mar sprioc leis athrú iompraíochta a chothú i nósanna taistil chun na scoile agus amach aisti ar mhaithe leis an tsláinte, leis an bhfolláine agus leis an gcomhshaol.

Bealaí Sábháilte chun na Scoile

Tá sé mar aidhm leis an gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile bealaí siúil agus rothaíochta níos sábháilte a chruthú laistigh de phobail, plódú tráchta ag geataí na scoile a mhaolú agus an líon daltaí a théann chun na scoile de shiúl na gcos nó de rothar a mhéadú trí fheabhas a chur ar shaoráidí siúil agus rothaíochta. Tá an clár á chomhordú ag Foireann an Chláir Bealaí Sábháilte chun na Scoile, atá mar chuid den Aonad Oideachais Comhshaoil in An Taisce, ag obair di i gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) agus leis na húdaráis áitiúla. Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an clár, faigheann sé tacaíocht ón Roinn Oideachais agus is cuid den Phlean Forbartha Náisiúnta (2021-2030) é. Sa bhliain 2022, sainaithníodh an clár mar Chlár Treo-Aimsitheora tionscadal (2022-2025) faoin mBeartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe.



## 4.7 North Connaught Youth & Community Service Ltd

Is soláthraí seirbhísí réigiúnacha óige é North Connaught Youth & Community Services (NCYCS). Clúdaíonn sé Sligeach, Liatroim agus Maigh Eo. Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá aige:

- Tacú le forbairt daoine óga
- Daoine óga a chumasú chun smacht níos fearr a ghlacadh ar a saol féin trí chinntí a dhéanamh
- Freagracht a fheidhmiú agus rannchuidiú le forbairt a bpobail agus le forbairt a sochaí araon

Ráiteas Misin

"Tábhacht daoine óga a dhearbhú agus tacú leosan agus leis na daoine a oibríonn leo trí sheirbhísí a sholáthar ina bpobail", lena n-áirítear:

- Seirbhís óige phríomhlíne
- Seirbhís faisnéise don óige – a sholáthraítear i lárionad agus trí fhor-rochtain
- Tionscadail speisialta atá dírithe ar an míbhuntáiste tuaithe i Liatroim agus i Maigh Eo
- Cláir Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána i Sligeach, i mBéal an Átha agus i gCaisleán an Bharraigh
- Cláir do cheannairí aosacha, lena n-áirítear cosaint leanaí, bulaíocht, féinmharú, drugaí, agus iompraíocht dheacair, etc.
- Cláir um chur chun cinn na sláinte agus ceardlanna atá bunaithe ar shaincheisteanna – feasacht a mhúscailt i measc daoine óga, oibrithe deonacha, tuismitheoirí agus an phobail i gcoitinne ar shaincheisteanna amhail drugaí, alcól, VEID, etc.
- Seirbhís tacaíochta 'Teen Between' – seirbhís éisteachta, comhairle agus tacaíochta do dhaoine óga atá ag déileáil le deacrachtaí mar thoradh ar idirscaradh/cholscaradh a dtuismitheoirí
- Gníomhaíochtaí idirchlub
- Campaí samhraidh
- Obair tacaíochta clubanna óige

- Tacaíocht óige SMILY do Dhaoine LADTA+
- Malartuithe óige idirnáisiúnta

Tá ríméad ar NCYCS ionadaíocht a bheith aige ar Ghrúpa Chontae Shligigh um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre chun ionadaíocht a dhéanamh do dhaoine óga sa réigiún ar shaincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

## 4.8 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Imríonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ról ríthábhachtach sa tsábháilteacht ar bhóithre in Éirinn, go príomha trí thionscnaimh sláinte poiblí, trí fhreagairt leighis éigeandála, agus trí chláir um ghortú a chosc. Rannchuidíonn FSS leis na príomhréimsí seo a leanas:

- Feachtais um Ghortú a Chosc agus Feachtais Sláinte Poiblí
    - Comhoibríonn FSS leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB), leis an nGarda Síochána agus le húdaráis áitiúla chun iompraíochtaí sábháilte tiomána a chur chun cinn agus chun timpistí a laghdú.
    - Comhoibríonn FSS le ÚSB ar fheachtais agus déanann sé tathant ar son clogaid a úsáid, cloí le criosanna sábhála, agus sábháilteacht coisithe (e.g., éadaí sofheicthe a chaitheamh) chun rioscaí gortaithe a mhaolú.

- Taisteal Gníomhach a Chur Chun Cinn
    - Tá FSS i bhfabhar infheistíocht mhéadaithe i mbonneagar rothaíochta agus siúil mar roghanna iompair níos sláintiúla agus níos sábháilte, rud a laghdaíonn an spleáchas ar charranna agus a fheabhsaíonn sláinte an phobail (agus murtall, galar croí, agus breoiteachtaí a bhaineann le haerthruailliú á laghdú dá réir).
    - Molann FSS d'údaráis áitiúla tús áite a thabhairt don siúl agus don rothaíocht in iarrachtaí pleanála uirbí.
    - Reáchtálann sé feachtais sláinte ina leagtar béim ar na buntáistí a bhaineann le taisteal gníomhach ar son na haclaíochta, na folláine meabhrach agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil.

- Tacaíonn sé le scéimeanna um rothaíocht chun na hoibre do bhaill foirne FSS chun rothaíocht a spreagadh.
- Tugann FSS comhairle sláinte maidir leis an spleáchas ar charranna a laghdú agus maidir le pobail insiúlta a chothú.

- Beartas um Shábháilteacht ar Bhóithre agus um Shláinte Phoiblí

Imríonn FSS ról comhairleach beartais maidir le tathant a dhéanamh ar son reachtaíocht um shábháilteacht ar bhóithre lena gcosnaítear an tsláinte phoiblí, lena n-áirítear:

- Treisiú le forfheidhmiú na luasteorainneacha agus na rialachán um thiomáint faoi thionchar an óil.
- Luasanna laghdaithe feithiclí a mholadh i limistéir uirbeacha (criosanna 30 ciliméadar san uair).
- Tacú le spásanna poiblí atá oiriúnach do choisithe a fhorbairt.
- Tathant a dhéanamh ar son aerthruailliú a bhaineann leis an trácht a laghdú chun sláinte riospráide a fheabhsú.
- Laghdú ar thruailliú torainn tráchta a chur chun cinn chun meabhairshláinte a fheabhsú.

- Bailiú Sonraí agus Taighde

- Bailíonn agus scaipeann FSS sonraí faoi ghortuithe agus básanna tráchta ar bhóithre chun cabhrú le beartais sábháilteachta níos fearr a fhorbairt.
- Comhoibríonn sé le heagraíochtaí amhail ÚSB chun treochtaí a anailísiú agus chun bearta sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú.

- Freagairt Leighis Éigeandála

- Soláthraíonn FSS seirbhísí otharcharranna agus paraimhíochaine tríd an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (NAS) chun freagairt do theagmhais tráchta ar bhóithre.
- Cinntíonn sé go mbíonn ospidéil agus lárionaid tráma in ann cóireáil a chur ar íospartaigh timpistí.

- Athshlánú agus Cúram Fadtéarmach

- Tairgeann FSS seirbhísí athshlánúcháin do dhaoine aonair a bhfuil gortuithe fulaingthe acu i dtimpistí tráchta ar bhóithre. Áirítear leo sin fisiteiripe, teiripe shaothair agus tacaíocht síceolaíochta.

- Tá cúram fadtéarmach ar fáil dóibh siúd a bhfuil gortuithe a athraíonn a saol fulaingthe acu de dheasca timpistí.

- Tacaíocht Meabhairshláinte
  - Soláthraíonn FSS seirbhísí tacaíochta do mharthanóirí tráma, do theaghlach na n-íospartach agus do fhreagróirí éigeandála a bhfuil ciapadh síceolaíoch fulaingthe acu mar thoradh ar thimpistí bóthair.

- Sábháilteacht ar Bhóithre san Áit Oibre
  - Mar fhostóir, cuireann FSS cleachtais shábháilte tiomána chun cinn i measc a fhostaithe, go háirithe iad siúd a phléann le hiompar othar agus le seirbhísí cúram sláinte pobail.
  - Mar chuid de chleachtais um Shláinte agus Sábháilteacht ag an obair, tá beartas um Thiomáint Shábháilte don Obair (2023) curtha chun feidhme ag FSS. Tá sé de fhreagracht ar bhainisteoirí líne a chinntiú go mbíonn baill foirne ar an eolas faoin mbeartas sin, agus éilítear ar fhostaithe cloí le treoirlínte an bheartais.

## 5 Aidhmeanna agus Cuspóirí na Pleanála maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

### 5.1 Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030.

Rinneadh Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025-2030 a fhorbairt agus a ghlacadh ar aon dul le Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre agus tá sé mar aidhm léi cur chuige comhordaithe, comhoibríoch agus comhsheasmhach a chinntiú chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre. Áirítear le Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 dhá Phlean Gníomhaíochta atá mar a leanas: -

- Plean Gníomhaíochta Chéim 1 Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027
- Plean Gníomhaíochta Chéim 2 Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2028 – 2030

### 5.2 Aidhmeanna agus Cuspóirí na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030

Is mar a leanas atá príomhaidhmeanna Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 agus príomhaidhmeanna Phlean Gníomhaíochta Chéim 1 um

Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027:

- Plean Gníomhaíochta a fhorbairt chun sábháilteacht a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre sa Chontae.
- Leanúint leis an gcaidreamh le gníomhaireachtaí eile sábháilteachta ar bhóithre trí Ghrúpa leathnaithe um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre.
- Aird a tharraingt ar scála na n-imbhuailtí marfacha agus na n-imbhuailtí díobhálacha a bhíonn ag tarlú faoi láthair laistigh den chontae agus ar fud na tíre araon.
- Díriú a leagan ar shábháilteacht ar bhóithre agus a chinntiú go mbíonn sábháilteacht ar bhóithre mar bhonn agus thaca ag gach beart de chuid an Bheartais um Bóithre agus Iompar agus gur príomhbhreithniúchán í i bpleanáil, dearadh, tógáil agus cothabháil an ghréasáin bóithre, cosán agus raonta rothaíochta laistigh den chontae.
- Tionscnaimh nua a fhorbairt chun díriú ar ghrúpaí sonracha úsáideoirí leochaileacha bóithre.
- Ról a imirt sna spriocanna náisiúnta sábháilteachta ar bhóithre atá leagtha amach i Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 a chomhlíonadh.

Is é príomhchuspóir na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta seo um Shábháilteacht ar Bhóithre ná an líon imbhuailtí agus taismeach ar bhóithre Chontae Shligigh a laghdú i gcomhréir le spriocanna náisiúnta agus ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir bóithre.

## 5.3 Plean Gníomhaíochta Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027

Tá aidhmeanna Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 agus aidhmeanna Plean Gníomhaíochta Chéim 1 2021 – 2024 leagtha amach sa Tábla thíos:-

*Tábla 5: Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 – Spriocanna Eatramhacha (bonnlíne 2017-2019)*

| | Faoi 2024 | Faoi 2030 |
|---|---|---|
| **Básanna** | Laghdóimid básanna ar bhóithre na hÉireann faoi 15%, ó 144 bhás go 122 bhás nó níos lú | **Laghdóimid básanna ar bhóithre na hÉireann faoi 50%, ó 144 bhás go 72 bhás nó níos lú** |
| **Gortuithe Trom-chúiseacha** | **Laghdóimid gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann faoi 10%, ó 1,259 mbás go 1,133 bhás nó níos lú** | **Laghdóimid gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre na hÉireann faoi 50%, ó 1,259 mbás go 630 bás nó níos lú** |

Is í an sprioc fhadtéarmach ná Fís an Nialais a bhaint amach, i.e., gan aon bhásanna ná

gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a bheith ann faoin mbliain 2050. Is é is Fís an Nialais ann ná sprioc fhadtéarmach a bhfuil mar aidhm léi deireadh a chur le básanna agus gortuithe tromchúiseacha tráchta ar bhóithre faoin mbliain 2050. Is le cur chuige an Chórais Shábháilte a bhainfear Fís an Nialais amach. Is é Fís an Nialais an dea-chleachtas idirnáisiúnta é, agus ghlac an Coimisiún Eorpach é ina Straitéis féin maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.

Is leagtha amach i dTábla 6 thíos atá an líon básanna agus an líon gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre i gContae Shligigh sa tréimhse ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2024.

*Tábla 6: An líon básanna ar Bhóithre Shligigh ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2024*

| Contae | Gortú | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sligeach** | Básanna | 2 | 1 | 6 | 4 | 4 | 17 |
| | Gortuithe trom-chúiseacha | 19 | 19 | 24 | 14 | 17 | 93 |

Agus úsáid á baint as na spriocanna atá leagtha síos ar an leibhéal náisiúnta – laghdú 15% faoin mbliain 2024 agus laghdú 50% faoin mbliain 2030, is leagtha amach thíos atá spriocanna Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 agus spriocanna Phlean Gníomhaíochta Chéim 1 um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027:-

- **Plean Gníomhaíochta Chéim 1 Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027:** Is í an aidhm ná laghdú 20% a bhaint amach sa líon daoine arna marú agus arna ngortú go tromchúiseach faoin mbliain 2027 –

- **Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2028 – 2030:** Is í an aidhm ná laghdú 50% a bhaint amach sa líon daoine arna marú agus arna ngortú go tromchúiseach faoin mbliain 2030 –
- **Fís an Nialais –** Is í an aidhm ná laghdú 100% a bhaint amach sa líon daoine arna marú agus arna ngortú go tromchúiseach faoin mbliain 2050 (gan aon bhásanna ná aon ghortuithe tromchúiseacha a bheith ann ar bhóithre i gContae Shligigh faoin mbliain 2050).

| Bliain | Sprioc 2027 | Sprioc 2030 |
|---|---|---|
| Básanna agus Gortuithe Trom- | An líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre Chontae Shligigh a | An líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre Chontae Shligigh a laghdú faoi |

| | | |
|---|---|---|
| chúiseacha | laghdú faoi 20% | 50% |

Chun na spriocanna thuas a bhaint amach, beidh gá le hiarracht agus comhar leantach gach comhlachta a phléann le sábháilteacht ar bhóithre agus beidh ar gach úsáideoir bóithre freisin a gcion féin a dhéanamh in imbhuailtí ar bhóithre a laghdú trí fhreagracht a ghlacadh as a n-iompraíocht féin ar na bóithre.

Déanfar na spriocanna sonracha sin a bhreithniú agus a athbhreithniú ag deireadh shaolré Phlean Gníomhaíochta Chéim 1 Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027 chun a mheas ar baineadh na spriocanna amach nó nár baineadh agus, dá mba rud é nár baineadh amach iad, chun a mheas cén fáth nár baineadh amach iad agus cé acu a d’éirigh nó nár éirigh leis an bPlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## 6 Plean Gníomhaíochta Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027

### 6.1 Réamhrá

Aguisín 2: Tugtar breac-chuntas i bPlean Gníomhaíochta Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre ar na hidirghabhálacha atá beartaithe faoi Limistéir Idirghabhála Tosaíochta an Chórais Shábháilte atá leagtha amach i Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030 agus ar na gníomhartha áitiúla a sainaithníodh lena gcur ar áireamh i bPlean Gníomhaíochta Chéim 1 Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027:-

### 6.2 Bearta Oideachais

- An Grúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre (RSWTG) - Tiocfaidh an RSWTG le chéile go tráthrialta gach bliain chun na bearta atá ar áireamh sa Phlean a athbhreithniú agus chun athbhreithniú deireadh bliana a dhéanamh. Eiseoidh an RSWTG tuarascáil bhliantúil ar Shábháilteacht ar Bhóithre chuig Comhchoiste Póilíneachta Chontae Shligigh.
- Cur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre - Bainfidh Comhairle Contae Shligigh úsáid as ár suíomh Gréasáin agus as ár n-ardáin meán sóisialta chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus chun feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre a mhúscailt i measc an phobail. Déanfaidh asraonta áitiúla meán feachtais agus imeachtaí sábháilteachta ar bhóithre a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, déanfaidh an

Chomhairle cur chun cinn tráthrialta leanúnach ar an tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar Laethanta Náisiúnta Moillithe, agus ar shábháilteacht ar bhóithre le linn tréimhsí saoire, etc.

- Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre – Oibreoidh Comhairle Contae Shligigh leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB), leis an Oifigeach Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre, le FSS agus le hAonad an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre chun oideachas agus cur chun cinn sábháilteachta ar bhóithre a sholáthar go leanúnach i measc gach úsáideora bóithre, agus béim ar leith á leagan ar úsáideoirí óga bóithre:-

- Laethanta Faisnéise Idirbhliana – Tá sé beartaithe laethanta faisnéise agus cuairteanna scoile ar mheánscoileanna i gContae Shligigh a eagrú.

- An tSeachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre - Déanfar í sin a chur chun cinn gach bliain. Táthar ag súil go dtabharfar cuairteanna ar scoileanna éagsúla agus ar ionaid oibre éagsúla i gcomhthráth léi.

- Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre agus Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre atá Dírithe ar Ghrúpaí Mionlaigh/faoi Mhíbhuntáiste. Díreofar sna himeachtaí sin ar na húsáideoirí leochaileacha bóithre i Sligeach, i.e., daoine a bhfuil lagú soghluaisteachta agus amhairc orthu.

- Feachtais Sábháilteachta ar Bhóithre. Déanfaidh Comhairle Contae Shligigh caidreamh le geallsealbhóirí eile i réimse na sábháilteachta ar bhóithre chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

## 6.3 Bearta Innealtóireachta

Maidir leis an ról tábhachtach atá ag idirghabhálacha innealtóireachta lena bhfeabhsaítear sábháilteacht bhonneagar ár mbóithre, bhí agus beidh sé ina chuid ríthábhachtach de shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus de bhásanna agus gortuithe tromchúiseacha úsáideoirí bóithre a laghdú. Go háirithe, beidh soláthar bonneagair scartha do rothaithe agus do choisithe ina uirlis an-tábhachtach le haghaidh feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre d'úsáideoirí leochaileacha bóithre. Is bearta iad sin atá ar áireamh i bPlean Gníomhaíochta Chéim 1 um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027. Tá deich gcinn san iomlán de

Ghníomhartha Innealtóireachta/de Bhearta Innealtóireachta ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030.

- Faireachán ar Luasanna – Leanfar le faireachán a dhéanamh i suíomhanna atá sainaitheanta i gContae Shligigh. Eiseofar torthaí an fhaireacháin sin ar luasanna chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha leantacha luais, etc.

- Cruinnithe faoi Imbhuailtí – Tá sé beartaithe cruinnithe a thionól le hAonad an Gharda Síochána um Póilíniú ar Bhóithre chun sonraí faoi imbhuailtí, patrúin imbhuailtí nó aon saincheisteanna áitiúla a shainaithint.

- Athbhreithniú ar Luasteorainneacha – Déanfar luasteorainneacha i ngach limistéar a athbhreithniú de réir na gceanglas reachtúil laistigh de Chontae Shligigh.

- Scéimeanna Sábháilteachta Ísealchostais – Cuireann Comhairle Contae Shligigh scéimeanna feabhsúcháin sábháilteachta ísealchostais chun feidhme ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha gach bliain. Táthar ag súil go leanfaidh an sruth cistiúcháin sin ar aghaidh ar feadh shaolré na straitéise seo.

- Comharthaíocht Luasteorann – Déanann Comhairle Contae Shligigh an chomharthaíocht luasteorann a athbhreithniú ar bhonn tráthrialta.

- Trasbhealaí Coisithe/Bearta Moillithe Tráchta – Imscrúdóidh Comhairle Contae Shligigh an gá atá le trasbhealaí coisithe agus le bearta moillithe tráchta i suíomhanna sonracha de réir mar is gá.

- Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh – Ón mbliain 2021 i leith, tá cistiú á fháil le haghaidh Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh chun taisteal sábháilte agus gníomhach a chur chun cinn. Maidir le cosáin nua agus fheabhsaithe, soláthraíodh iad agus táthar ag leanúint le hiad a sholáthar ina lán suíomhanna ar fud an chontae – cosáin i dtreo scoileanna, saoráidí pobail, saoráidí spóirt, agus bealaí isteach chuig bailte agus sráidbhailte, etc. Leis na Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh sin, soláthraítear bonneagar níos sábháilte, go háirithe d’úsáideoirí leochaileacha bóithre.

- Soláthar Glasbhealaí agus Gormbhealaí – Soláthar Glasbhealaí agus Gormbhealaí lena soláthraítear bonneagar níos sábháilte d'úsáideoirí leochaileacha bóithre freisin.

- Feabhsuithe Bóithre – Déantar feabhsuithe bóithre gach bliain faoinár gClár Bliantúil Oibreacha Bóithre. Cuirtear sábháilteacht ar bhóithre san áireamh i ndearadh gach scéime bóthair.

- Cothabháil Bóithre – Faoi struchtúr cistiúcháin reatha Chomhairle Contae Shligigh, tá sé beartaithe feabhsú agus cothabháil leanúnach a chur chun feidhme ar ár mbóithre áitiúla agus ar ár mbóithre réigiúnacha araon. Go háirithe, tá sé beartaithe trasrianta coisithe, bearta moillithe tráchta, scéimeanna sábháilteachta agus scéimeanna taistil ghníomhaigh a sholáthar agus Comharthaí Soghluaiste um Aiseolas do Thiománaithe a úsáid.

## 6.4 Bearta Forfheidhmithe

Tá ionadaí ag Aonad an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre ar an nGrúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre. Colún lárnach d'aon phlean chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus chun iompraíocht úsáide bóithre a athrú chun feabhais is ea an forfheidhmiú. Is gné lárnach dár Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 agus dár bPleananna Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre é freisin. Tá na gníomhartha forfheidhmithe/na bearta forfheidhmithe seo a leanas ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta seo um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027.

- Seicphointí leanúnacha le haghaidh meiscigh a bhrath
- Ceamaraí luais a imscaradh i gcriosanna a dtarlaíonn go leor imbhuailtí iontu
- Seicphointí leanúnacha chun tiomáint chontúirteach/neamhchúramach, tiomáint faoi lagú, luas iomarcach, agus úsáid fón póca agus duine ag tiomáint a bhrath agus a fhorfheidhmiú
- Seicphointí ilghníomhaireachta i gcomhar le ÚSB agus le geallsealbhóirí eile
- Soláthraíonn an Garda Síochána láithreacht leanúnach ag scoileanna sa Chontae chun trácht a bhainistiú de réir mar is gá

## 6.5 Bearta Meastóireachta

Tá trí bheart meastóireachta ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027:

- Gach bliain, déanfaidh an RSWTG athbhreithniú deireadh bliana a thabhairt chun críche. Áireofar leis sin anailís chuimsitheach ar na tograí uile atá ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Déanfaidh an RSWTG Athbhreithniú Deireadh Saolré ar na bearta/gníomhartha uile atá ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Cuirfear Tuarascáil Bhliantúil/an tEolas is Deireanaí ar an bPlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi bhráid Chomhchoiste Póilíneachta Chontae Shligigh

Áireofar le Straitéis Chontae Shligigh nua um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 agus sa Phlean Gníomhaíochta gaolmhar/sna Pleananna Gníomhaíochta gaolmhara athbhreithnithe tráthrialta agus meastóireacht thráthrialta ar an dul chun cinn a baineadh amach, ar na nithe is gá a athrú agus ar aon bhearta nua ar gá iad a thabhairt isteach nó ar gá tús áite a thabhairt dóibh chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

## 7 Ár bPlean a Chomhlíonadh

### 7.1 Tosca Ríthábhachtacha Ratha

Maidir le baint amach na spriocanna atá leagtha amach i Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030, i Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 agus i bPlean Gníomhaíochta Chéim 1 Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027, bíonn sí ag brath ar roinnt tosca ríthábhachtacha ratha a bhaint amach. Is leagtha amach i bhFíor 9 thíos atá na tosca ríthábhachtacha ratha le haghaidh chur chun feidhme an phlean.

.

- tiomantas polaitiúil a bheidh lárnach i rathúlacht na straitéise seo;
- beartas agus reachtaíocht bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go tráthúil;
- comhroinnt sonraí go tráthúil agus go héifeachtúil agus úsáid tagarmharcála ar fud na bpríomhpháirtithe leasmhara;
- nuálaíocht sa chaoi a ndéanaimid ár n-idirghabhálacha a dhearadh, agus ár gcur chuige i leith oibriú comhpháirtíochta;
- cistiú bunriachtanach a sholáthar chun sochair a réadú;
- bonneagar sábháilte deighilte a sholáthar chun aistriú córacha i dtreo taistil ghníomhaigh a éascú;
- athrú iompraíochta mar gheall ar idirghabhálacha forfheidhmithe, oideachas agus oiliúint;
- oibriú comhpháirtíochta tiomnaithe le dea-rialachas agus cuntasacht;
- tacaíocht an phobail agus na meán dár n-idirghabhálacha agus gníomhaíochtaí.

*Fíor 9: Tosca Ríthábhachtacha Ratha le haghaidh chur chun feidhme an phlean*

## 7.2 Iompraíochtaí Contúirteacha

Meastar i Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 agus i bPlean Gníomhaíochta Chéim 1 2025 – 2027 go mbeidh na hiompraíochtaí contúirteacha seo a leanas ina gcuid ríthábhachtach den líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú: -

- Úsáid Criosanna Sábhála – **NÍ RAIBH** 26% de na húsáideoirí cairr ar fad a maraíodh sa tréimhse ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2024 ag caitheamh crios sábhála
- Tiomáint ar Róluas – Le linn na tréimhse ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2024, bhí 24% de na tiománaithe a maraíodh (i gcás go raibh taifead ar a ngníomhartha ar fáil) ag tiomáint ar luas a bhí níos airde ná luas sábháilte
- Tiomáint faoi Thionchar Substainte – Bhí toradh deimhneach tocsaineolaíochta ag 37% de na tiománaithe a maraíodh sa tréimhse ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2024 (i gcás go raibh toradh tocsaineolaíochta ar fáil) maidir le halcól a bheith i láthair; bhí toradh deimhneach tocsaineolaíochta ag 10% díobh maidir le cócaon a bheith i láthair agus bhí toradh deimhneach tocsaineolaíochta ag 6% díobh maidir le cannabas a bheith i láthair.
- Fón Póca a Úsáid agus Duine ag Tiomáint – Suirbhé ar Dhearcthaí agus Iompraíocht Tiománaithe 2021 – Luaigh 23% de na Tiománaithe a ndearnadh suirbhé orthu gur

sheiceáil siad fógraí fóin agus iad ag tiomáint, luaigh 19% díobh gur léigh siad teachtaireachtaí/téacsanna agus luaigh 12% díobh gur sheiceáil siad na meáin shóisialta. Thuairiscigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) sa bhliain 2022 go bhfuil **seans ceithre huaire níos mó** ann go mbeidh tiománaithe a úsáideann fón póca páirteach in imbhualadh.

- Tuirse Tiománaithe – Is toisc rannpháirteach i líon idir 10% agus 20% de na himbhuailtí tráchta ar bhóithre ar fad í tuirse.

Suirbhé ar Dhearcthaí agus Iompraíocht Tiománaithe (DAB) 2021

- Thiomáin 9% de na tiománaithe a ndearnadh suirbhé orthu tar éis dóibh alcól a ól sa 12 mhí tá imithe thart
- Thuairiscigh 32% de thiománaithe gur sháraigh siad na luasteorainneacha 50 ciliméadar san uair faoi níos mó ná 10 gciliméadar san uair in amanna ar a laghad
- Thuairiscigh 27% de na tiománaithe a ndearnadh suirbhé orthu gur sháraigh siad na luasteorainneacha 100 ciliméadar san uair faoi níos mó ná 10 gciliméadar san uair in amanna ar a laghad
- Thuairiscigh 24% de na tiománaithe a ndearnadh suirbhé orthu gur thit siad ina gcodladh nó go ndearna siad bobáil codlata agus iad ag tiomáint

Treoirstaidéar ar Shaorluas (Treoirstaidéar a rinne ÚSB ar Thiomáint ar Róluas ar Bhóithre)

- Tríd is tríd, bhí 78% de na tiománaithe a breathnaíodh ag tiomáint os cionn na luasteorann 50 ciliméadar san uair (Suirbhé 2021)
- Ag deirí seachtaine, bhí 93% de na tiománaithe a breathnaíodh ag tiomáint os cionn na luasteorann sin (Suirbhé 2021)
- Sháraigh 27% de na tiománaithe cairr a breathnaíodh ar bhóithre tuaithe an luasteorainn (Suirbhé 2018)
- Sháraigh 52% de na tiománaithe cairr a breathnaíodh ar bhóithre uirbeacha an luasteorainn (Suirbhé 2018)

Maidir le luas, mheas an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) sa bhliain 2017 go bhféadfaí an líon imbhuailtí marfacha a laghdú faoi 30% dá laghdófaí an meánluas faoi 5%.

Dá bhrí sin, is iad seo a leanas na príomhthosca taobh thiar de shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú:-

- Úsáid Criosanna Sábhála
- Luasanna Sábháilte
- Tiomáint faoi Thionchar Substainte
- Úsáid Fón Póca
- Tuirse Tiománaí

Meastar i Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre agus i bPlean Gníomhaíochta Chéim 1 um Shábháilteacht ar Bhóithre go mbeidh na príomhthosca thuas ina gcuid ríthábhachtach den líon básanna agus gortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú sa todhchaí. Dá bhrí sin, is tosca ríthábhachtacha ratha iad taobh thiar d’aidhmeanna agus cuspóirí na Straitéise agus Plean Gníomhaíochta seo um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhaint amach. Is é atá i gceist leo sin ná athrú iompraíochta i measc gach úsáideora bóithre, agus is príomhthosca taobh thiar den athrú sin a chur chun cinn iad oideachas agus forfheidhmiú. Beidh Oideachas agus Forfheidhmiú Sábháilteachta ar Bhóithre ar cheann de na gnéithe lárnacha sa Straitéis agus Plean Gníomhaíochta nua um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Maidir le tiomáint ar róluas, déanann Comhairle Contae Shligigh faireachán luais go tráthrialta agus go leanúnach i suíomhanna éagsúla ar fud an chontae. Chomh maith leis sin, sholáthair Comhairle Contae Shligigh Comharthaí um Aiseolas do Thiománaithe i roinnt mhaith suíomhanna ar fud an Chontae (go háirithe ag na bealaí isteach chuig bailte agus sráidbhailte agus ag na bealaí isteach chuig scoileanna) chun féachaint le feasacht tiománaithe a mhúscailt ar an luas a bhfuil siad ag taisteal air agus ar an ngá atá le moilliú i gcás go bhfuil siad ag sárú na luasteorann sa suíomh ar leith. Cuireadh an faireachán sin ar luasanna agus na comharthaí um aiseolas do thiománaithe i bhfeidhm ina lán áiteanna, a roghnaíodh ar chúiseanna éagsúla:-

- Imbhuailtí ar bhóithre i suíomhanna ar leith
- I suíomhanna ina ndearnadh suirbhéanna ar luas, léirítear san fhianaise go mbíonn tiománaithe ag tiomáint ar róluas
- Ag na bealaí isteach chuig bailte/sráidbhailte
- Ag na bealaí isteach chuig scoileanna

Athbhreithnítear torthaí an fhaireacháin sin ar luasanna go tráthrialta agus seoltar iad chuig an nGarda Síochána le haghaidh gníomhaíocht leantach i bhfoirm seiceálacha luais, etc.

Chun na cuspóirí atá leagtha amach i Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhaint amach, beidh gá le tiomantas agus comhar leanúnach gach gníomhaireachta a phléann le sábháilteacht ar bhóithre agus beidh ar gach úsáideoir bóithre freisin a gcion féin a dhéanamh sna bóithre a úsáid go freagrach. Oibreoidh an Grúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre agus na geallsealbhóirí a ndéantar ionadaíocht dóibh ar an nGrúpa Oibre sin le chéile chun formhaoirseacht agus treorú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise agus an Phlean Gníomhaíochta.

### 7.3 Freagracht Chomhroinnte

Tá Freagracht Chomhroinnte ar fud gach cuid den chóras bainistíochta tráchta ar cheann de phríomhphrionsabail bhunúsacha chur chuige an Chórais Shábháilte agus tá sí ag teacht go díreach le héiteas Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. (Leathanach 68)

### 7.4 Samhail Rialachais

Mar chuid den chur chuige bunathraitheach seo i leith sábháilteacht ar bhóithre, agus chun a chinntiú go gcomhlíonfar na spriocanna Sábháilteachta ar Bhóithre atá leagtha amach i Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre 2021 – 2030, cuireadh struchtúr láidir trasrialtasach rialachais i bhfeidhm, agus é faoi mhaoirseacht ag coiste aireachta um shábháilteacht ar bhóithre.

Éileofar ar an gCumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach páirt a ghlacadh i struchtúr faireacháin Straitéis an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre agus rannchuidiú le nuashonruithe ráithiúla lena mbreithniú ar an leibhéal náisiúnta – Bord na Comhpháirtíochta um Bunathrú Sábháilteachta ar Bhóithre (féach an ghrafaic thíos). Áirítear leis sin an Grúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre a fhorbairt (Gníomh 94), agus forbairt, cur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar Phleananna Áitiúla um Shábháilteacht ar Bhóithre (Gníomh 95). Féach an fhíor thíos.

## 8 Faireachán agus Meastóireacht

Déanfaidh na baill den Ghrúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn ar aidhmeanna agus cuspóirí Straitéis Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2030 agus Phlean Gníomhaíochta Chéim 1 Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027 a bhaint amach agus cuirfear an dul chun cinn sin i láthair Chomhchoiste Póilíneachta Chontae Shligigh gach bliain freisin.

## Aguisín 1 Faisnéis Staitistiúil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## Aguisín 2 Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025 – 2027